Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9507/18**

**RECH 241**
**COMPET 384**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Bealtaine 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8940/1/18 REV1 RECH 183 COMPET 310 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le "Dlús a chur le cúrsaíocht eolais san Aontas" |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le "Dlús a chur le cúrsaíocht eolais san AE", mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3620ú cruinniú a bhí aici, ar an 29 Bealtaine 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE

## DLÚS A CHUR LE CÚRSAÍOCHT EOLAIS SAN AE

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI:

– go bhfuil ar cheann de chuspóirí an Aontais a chuid fothaí eolaíocha agus teicneolaíocha a neartú trí Limistéar Eorpach Taighde a ghnóthú ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht gan bhac;

– na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 13 agus an 14 Márta 2008, inar iarradh ar na Ballstáit bacainní ar shaorghluaiseacht eolais a bhaint tríd an "cúigiú saoirse" a chruthú"[1];

– na Conclúidí ón gComhairle an 29 Bealtaine 2015 maidir le taighde oscailte, sonraí-shaothraithe agus líonraithe mar spreagadh do nuálaíocht a bheidh níos gasta agus níos leithne[2], ina measann sí go bhféadfaí, trí bhíthin oscailteacht sonraí taighde, úsáid éifeachtúil an mhaoinithe phoiblí a mhéadú a thuilleadh, agus ina gcuireann sí i bhfáth go méadófaí an acmhainneacht nuála agus go gcruthófaí deiseanna nua gnó ach sonraí a chur a fháil, rochtain a thabhairt orthu, agus a áirithiú go bhfuil siad in-athúsáidte, idir-inoibritheach agus inmheasúnaithe;

[1] 7652/1/08
[2] 9360/15

– na Conclúidí ón gComhairle an 29 Bealtaine 2015 maidir le "An tAistriú i dtreo córas eolaíochta oscailte"[3], ina n-aithníonn an Chomhairle gur cheart bacainní dlíthiúla, eagraíochtúla agus airgeadais nach bhfuil gá leo maidir le rochtain ar thaighde a mhaoinítear ó chistí poiblí a bhaint, a mhéid agus is féidir, agus mar is iomchuí, d'fhonn eolas a roinnt ar an mbealach is fearr, agus aird á tabhairt ar an ngá atá ann úsáid a bhaint as na torthaí nuair a chaithfear sin a dhéanamh**;** [...] inar chuir sí i bhfios go láidir gurb é seo a leanas is ceart mar phrionsabal i dtaca le scoth-athúsáid sonraí taighde: "a oscailte is féidir, a iata is gá"; agus inar cuireadh i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirtear béim ar inbhuanaitheacht fhadtéarma na mbonneagar taighde agus go n-éilítear gníomhphlean spriocdhírithe;

– na Conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 maidir le "An Seachtú Clár Réime agus an tIonchas don Todhchaí: Infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le fás, poist agus réitigh a fháil ar dhúshláin shochaíocha"[4], inar aithníodh gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit díriú ar leas níos fearr a bhaint as cistí eile an Aontais chun tacú le tionscadail taighde agus nuálaíochta agus freastal ar shaothrú iartheachtach thorthaí an taighde do tháirgí, do sheirbhísí agus do nuálaíochtaí sóisialta indíolta;

– na Conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 maidir le "Rialáil atá neamhdhíobhálach don Taighde agus Nuálaíocht"[5];

– na Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2016 maidir le "Bearta chun tacú le taighdeoirí luathchéime, chun tarraingteacht na ngairmeacha eolaíochta a ardú agus infheistíocht sa chumas daonna, sa taighde agus san fhorbairt a chothú"[6], inar leagadh béim ar an ngá atá ann le glúine nua taighdeoirí a oiliúint sna scileanna ábhartha agus béim á leagan ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, fiontraíocht agus aistriú eolais chomh maith le hionracas taighde agus an eolaíocht oscailte;

[3] 9526/16
[4] 9527/16
[5] 9510/16
[6] 15013/16

– na Conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2017 maidir le "Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime"[7], inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé torthaí T&N a scaipeadh agus a shaothrú go héifeachtach; aithníonn sí go mbraitheann iomaíochas na hEorpa ar smaointe agus eolas nua agus a chur i gcúrsaíocht go héifeachtach, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé sineirgíocht níos fearr a bheith ann idir na foinsí éagsúla maoinithe atá ag an Aontas;

– an tuairim ó CLETN an 7 Iúil 2017 maidir leis an Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an chéad Chlár Réime eile[8], inar aithin CLETN go ngineann cláir réime réimse leathan iarmhairtí, ó earnáil na heolaíochta go dtí an tsochaí agus ó chúrsaí gnó go cúrsaí cultúir, ach go measann sé freisin gurb é is cúis, cuid mhaith, leis an "paradacsa táirgiúlachta"[9] atá san Eoraip gan an nuáil a bheith á scaipeadh ar an tsochaí ach go mall;

– an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2018 maidir le "Meastóireacht eatramhach ar Fís 2020: tionchar a bhíonn ag taighde agus nuálaíocht an Aontais a uasmhéadú"[10], inar cuireadh i bhfáth go láidir nach mór cur leis an dul chun cinn a rinneadh i dtaca leis na foilseacháin eolaíocha agus na sonraí a eascraíonn as Fís 2020 a chur ar fáil go hoscailte don chuid eile de phobal na heolaíochta agus don phobal i gcoitinne;

– Na moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil Nuálaithe maidir le Comhairle Eorpach Nuálaíochta a bhunú, inar cuireadh i bhfáth go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeifí in ann eolas a ghlacadh níos sciobtha;

– an rannchuidiú a thugann an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde (ESFRI) agus geallsealbhóirí ábhartha eile i dtaca leis an bplé faoi inbhuanaitheacht fhadtéarma Infreastruchtúir Thaighde, agus tugann sí dá haire an plé maidir leis na gníomhaíochtaí tosaíochta le linn na comhdhála suaitheanta de chuid Uachtaránacht na Bulgáire "*Research Infrastructures beyond 2020 – sustainable and effective ecosystem for science and society*";

---

7 15320/17

8 CLETN 1207/17

9 An Coimisiún Eorpach: *The economic rationale for public R&I funding and its impact* [Bunús eacnamaíoch agus iarmhairt an mhaoinithe phoiblí a thugtar do T&N], 2017

10 5271/18

**Eolas a aistriú ar mhaithe le tionchar an Taighde agus na Nuálaíochta a uasmhéadú (T&N)**

1. MEASANN SÍ nach mór don Aontas lánúsáid a bhaint as an eolas ábhartha eolaíoch agus teicneolaíoch a tháirgeann sé agus féachaint chuige go dtarlaíonn aistriú níos éifeachtaí ar [...] a mbíonn de thorthaí ar thionscnaimh T&N chuig an tsochaí agus chuig earnáil na tionsclaíochta d'fhonn tionchar na hinfheistíochta T&N a uasmhéadú agus tuilleadh a chur leis an mbreisluach AE atá ar an gClár Réime; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tacú le buntaighde, agus tionscadail chomhoibríocha T&N agus nuálaíocht a chothú, go háirithe agus an méid sin ina bhonn le réitigh nua agus le feabhas a chur ar chumhacht nuálaíochta na hEorpa, agus le nuálaíocht agus taighde incriminteach agus ceannródaíoch ó bhonn aníos, lena n-áirítear FBManna;

2. IARRANN sí ar an gCoimisiún creat faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt don chéad chreatchlár eile ionas gur féidir an dul chun cinn a rianú i dtaca le tionchar a imirt ar leibhéal an chláir féin go gearrthéarmach, go meántéarmach agus go fadtéarmach; MEASANN SÍ gur cheart an cur chuige maidir le tionchar agus nuálaíocht a éascú a thabhairt chun oiriúna le sainiúlachtaí gach ionstraime;

3. AITHNÍONN SÍ an tábhacht bhunriachtanach a bhaineann le cúrsaíocht agus aistriú eolais chun go mbeadh Limistéar Eorpach Taighde ann. CUIREANN SI I bhFÁTH an tábhacht a bhaineann leis an taighde arb í an fhiosracht is bun leis, leis an taighde a théann thar teorainn amach, chun eolaíocht cheannródaíoch agus caipiteal nuálaíoch a fhorbairt. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról lárnach i dtaca leis an méid sin atá ag an gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) ina cáil mar thiomántóir don taighde sin agus rannchuidiú Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie do chúrsaíocht agus aistriú eolais laistigh den Aontas; MOLANN SÍ don Choimisiún an ionstraim réamhráite a neartú a thuilleadh agus tacú le barrfheabhas na dtaighdeoirí agus an aistrithe eolais san Aontas;

4. IARRANN SÍ ar na Ballstáit dlús a chur lena ndua maidir le scrúdú agus comhroinnt na ndea-chleachtas faoi aistriú eolais e.g. trí rochtain ar chláir náisiúnta agus réigiúnacha T&N a optamú do nuálaithe agus do shaoránaigh agus trí chomhoibriú idir lucht léinn agus lucht gnó a chothú; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil na naisc idir saol an ghnó (lena n-áirítear FBManna) agus taighde bunriachtanach le haghaidh chur chun feidhme agus ghlacadh an mhargaidh agus chun eolas a iompú ina tháirgí agus ina sheirbhísí nua, agus go bhféadfaí éiceachóras na nuálaíochta a neartú ach moil taighde, oiliúna, agus nuálaíochta a chruthú, a mhéadú agus a idirnascadh ar fud na hEorpa; MEABHRAÍTEAR DI an ról a bhíonn ag na heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin, lena n-áirítear TFC, i dtaca le hiomaíochas tionsclaíoch agus cinnireacht thionsclaíoch an Aontais;

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mholadh go gcuirfí i bhfeidhm na prionsabail agus na bearta a bhí i Moladh na bliana 2008 maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais maille le Cód cleachtais na n-ollscoileanna agus forais phoiblí taighde eile[11], agus i dteannta na mBallstát feasacht a ardú i dtaobh na moltaí sin agus, i gcás inarb iomchuí, dreasachtaí a mholadh maidir leis an Moladh sin a chur i bhfeidhm d'fhonn tuilleadh borrtha a chur faoin tionchar a bhíonn ag T&N de bharr aistriú eolais; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar réitigh nua lenar féidir gréasáin taispeána agus treoirshaoráidí a bhunú ar fud na hEorpa, ina bhféadfadh gnólachtaí, go mór mór FBManna, na táirgí cliste agus córais mhonaraíochta is déanaí dá gcuid a thástáil d'fhonn imscaradh níos éifeachtaí a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua;

6. Iarrann sí ar an gCoimisiún, i gcomhréir le Moltaí an Ghrúpa Ardleibhéil um uasmhéadú tionchar chláir Thaighde agus Nuálaíocht an Aontais agus na Moltaí a rinneadh sa tuarascáil ón nGrúpa Oibre do Scileanna Eolaíochta Oscailte, féachaint ar fhéidearthachtaí maidir leis an gcéad Chlár Réime eile lena bhféadfaí an tacaíocht a fhaigheann forbairt scileanna agus forbairt inniúlachta faoi thionscnaimh arna maoiniú ag an Aontas a threisiú;

[11] http://ec.europa.eu/invest-in-research/pdf/ip_recommendation_en.pdf

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faireachán rialta a dhéanamh ar an acmhainneacht nuála agus beartais agus uirlisí a chur chun cinn chun úsáide thorthaí na gclár réime, trí thorthaí comhlántacha a chnuasach nó tríd an Radar Nuálaíochta; agus maidir leis an méid sin IARRANN SÍ ar an gCoimisiún straitéis le haghaidh scaipeadh agus úsáid a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun infhaighteacht agus úsáid thorthaí tionscadail T&N a mhéadú a thuilleadh agus dlús a chur leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint astu, agus aird ar leith á tabhairt ar chlásail Rochtana Oscailte agus ar chlásail maidir le cearta maoine intleachtúla i gcomhaontuithe deontais, agus borradh á chur, ar an dóigh sin, faoi thionchar foriomlán na gClár Réime;

**Oscailteacht, scaipeadh agus soghluaisteacht lucht taighde**

**8**. CUIREANN SÍ I dTREIS gur réamhchoinníollacha iad oscailteacht mhéadaithe agus scaipeadh méadaithe torthaí taighde chun leasa na sochaí le go nglacfadh taighdeoirí, nuálaithe, eagraíochtaí taighde Eorpacha agus tionscal Eorpach na torthaí a thuilleadh, go háirithe FBManna agus cuireann sí i dtreis gur réamhchoinníollacha iad freisin coinníollacha réime taighde agus nuálaíochta feabhsaithe chun borradh a chur faoi iomaíochas agus rathúnas na hEorpa;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá ar bun ag an gCoimisiún chun faisnéis faoi shonraí agus faoi thorthaí thionscadail T&N a chur ar fáil don phobal tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte, trí Chlár Fís 2020, trí Sheirbhís Eolais um Thaighde agus um Fhorbraíocht Chomhphobail (CORDIS) agus trí thairseach oifigiúil an Choimisiúin maidir le scaipeadh thorthaí T&N agus sonraí a thagann ó thionscadail a chistítear faoi na Cláir Réime go léir;

10. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil sé tábhachtach rochtain oscailte ar fhoilseacháin agus ar shonraí taighde FAIR[12] a áirithiú agus dreasachtaí a thabhairt ina leith mar aon le heolas a scaipeadh agus a dhúshaothrú ar an dóigh is fearr is féidir chun go mbeifear in ann iomaíochas agus fás a mhéadú san Eoraip; AITHNÍONN SÍ an ról a bhíonn ag an oideachas agus ag an oiliúint ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear cláir oibre scileanna spriocdhírithe a chur ar siúl go háirithe i dtaca le rochtain oscailte, bainistiú agus próiseáil sonraí, agus cearta maoine intleachtúla. IS MIAN LEIS an gComhairle na Ballstáit agus an Coimisiún an oiliúint riachtanach agus na scéimeanna dreasachta a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun gur féidir le rannpháirtithe an Chláir Réime, maille le lucht taighde agus le nuálaithe, rochtain a thabhairt ar a gcuid torthaí agus sonraí chun a n-úsáide agus a n-athúsáide;

11. MOLANN SÍ an phleanáil ghairme le haghaidh taighdeoirí lena n-áirítear soghluaisteacht thrasnáisiúnta agus idirearnálach mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus mar cheann de na príomh-fhachtóirí le go scaipfidís eolas. AITHNÍONN SÍ go n-éilítear scileanna nua do thaighdeoirí agus d'úsáideoirí sonraí eile mar aon le dreasachtaí agus luachanna saothair i gcomhair eolaíocht oscailte agus chun leas a bhaint as an éiceachóras domhanda sonraí; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tacú leis an gcúrsaíocht eolais trí shoghluaisteacht agus oiliúint a chur chun feidhme agus a fheabhsú a thuilleadh do thaighdeoirí, agus faireachán ceart á áirithiú ag an am céanna, trí Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, an Comhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST), ERASMUS+ agus trí thionscnaimh amhail EURAXESS, HRS4R agus RESAVER;

[12] Sonraí FAIR: Sonraí Infhaighte, atá ar fáil, Idir-oibritheach agus In-athúsáidte http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/grants_manual/hi/oa_pilot/h2020-hi-oa-data-mgt_en.pdf

**Coinníollacha Clár Réime agus Sineirgíocht idir cláir de chuid an Aontais**

12. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé rochtain oscailte a áirithiú ar thorthaí taighde d'fhonn a n-úsáid a chur chun cinn agus d'fhonn a chur ar cumas nuálaithe, institiúidí taighde agus fiontair sna Ballstáit uile nuáil a dhéanamh; CUIREANN SÍ I dTREIS go dtig leis na córais riaracháin Eorpacha, idir náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla, tionchar dearfach a imirt ar éifeacht iolraitheora na nuálaíochta nuair a neartaíonn siad an Margadh Aonair agus luachshlabhra na nuálaíochta; Comhar príobháideach poiblí agus an fhéidearthacht tráchtálú níos gasta a chur chun cinn; agus coinníollacha réime fabhracha le haghaidh taighde agus nuálaíochta a thionscnamh, a dhearadh agus a chur chun feidhme lena n-áirítear rialacha iomchuí maidir le státchabhair agus rialú lena gcuirtear nuálaíocht chun cinn, mar shampla trí shocruithe nuálaíochta agus tríd an bprionsabal nuálaíochta a chur i bhfeidhm;

13. Ós amhlaidh atá, CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil sé bunriachtanach cothromaíocht a bhaint amach idir cearta maoine intleachtúla a chosaint agus eolas a scaipeadh trí bhíthin rochtain oscailte chun dlús a chur faoi chúrsaíocht eolais;

14. CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as an tsineirgíocht idir Fís 2020 agus Cláir ábhartha eile de chuid an Aontais amhail Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) agus ERASMUS+. Leis an gcineál sineirgíochta sin, féadfar an bealach a réiteach chun geilleagair réigiúnacha athléimneacha a chruthú, cuidiú le comhtháthú torthaí taighde ceannródaíocha san oideachas agus i ngníomhaíochtaí oiliúna agus cúrsaíocht, agus glacadh eolais a chothú agus an aidhm dheiridh ann éifeachtaí dearfacha iarmharta a chur chun cinn i measc eagraíochtaí taighde, ollscoileanna, lucht tionscail, agus sochaithe ar fud na hEorpa;

15. MEASANN SÍ, dá bhrí sin, mar a luaitear sna Conclúidí uaithi ó mhí na Nollag 2017[13], nach mór na rialacháin don chlár réime agus do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, mar aon le haon chláir ábhartha eile de chuid an Aontais, a dhearadh ón tús le sineirgíocht, comhleanúnachas, comhoiriúnacht agus comhlántacht á gcur san áireamh ar leibhéal dhearadh an chláir agus chur chun feidhme an chláir araon, ag féachaint faoi shimpliú suntasach agus inúsáidteacht mhéadaithe a bhaint amach do thairbhithe. Tig leis sin a bheith ina chuidiú chun eolas a scaipeadh faoi thacaíocht ó gach foinse maoiniúcháin de chuid an Aontais, agus tionchar níos mó a bheith aige;

**Inbhuanaitheacht fhadtéarma na mBonneagar Taighde**

16. MEASANN SÍ go bhfuil ról riachtanach ag Bonneagair Thaighde maidir le cur chun cinn agus le cúrsaíocht eolais, agus barrfheabhas eolaíoch á chothú agus ag cur ar chumas taighdeoirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taighde trasteorann, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS a rannchuidiú i ndáil le sonraí d'ardchaighdeán a ghiniúint;

17. AITHNÍONN SÍ an ról dearfach atá ag ESFRI maidir le forbairt Bonneagar Taighde úrscothach a chothú san Eoraip agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá tírdhreach Bonneagar Taighde uile-Eorpach a neartú agus a chomhdhlúthú tuilleadh ag féachaint dá n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach;

18. CUIREANN SÍ I dTREIS á thábhachtaí atá sé go ndéanfaí iarrachtaí breise laistigh de chreat ESFRI ionas go mbeadh an chinnteoireacht ailínithe níos fearr maidir le Bonneagair Thaighde ESFRI a bhunú agus le páirt a ghlacadh iontu go háirithe trí thaithí a mhalartú i ndáil le nósanna imeachta le haghaidh treochlár náisiúnta agus a gcleachtas maidir le línte náisiúnta buiséid;

---

[13] Conclúidí an 1 Nollaig 2017 "Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime" (15320/17).

19. Cuireann sí i bhfáth an tábhacht a bhaineann le hacmhainní daonna agus le scileanna oiliúna mar phríomh-fhachtóirí le go n-éireodh le Bonneagair Thaighde agus AITHNÍONN SÍ an gá atá le Bonneagair Thaighde chun cur chuige seirbhísbhunaithe a neartú; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, faoi chuimsiú ESFRI cur chuige comhchoiteann a fhorbairt chun a bhfeidhmiúlacht a fhaireachán agus IARRANN SÍ ar na Bonneagair Thaighde Uile-Eorpacha, ar bhonn deonach, sin a áireamh ina gcuid rialachais agus féachaint ar fhéidearthachtaí chun tacú lena leithéid trí bhíthin príomhtháscáirí feidhmíochta;

20. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé úsáid éifeachtach a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chun tacú le Bonneagair Thaighde Uile-Eorpacha a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí T&N san Aontas Eorpach. Ós amhlaidh atá, IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún féachaint faoi úsáid níos comhleanúnaí a bhaint as na cláir sin agus faoi ghníomhaíochtaí trasnáisiúnta comhchistithe T&N a fhorbairt chun tacú go háirithe le bunú agus le hoibriú luathchéime Bonneagar Taighde Uile-Eorpach, lena n-áirítear a gcoimisiúnú[14];

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar bhearta nua chun rochtain níos forleithne agus níos inacmhainne a thabhairt ar na Bonneagair Thaighde Eorpacha, agus an Chairt Eorpach um Rochtain ar Bhonneagair Thaighde mar bhonn leis sin, ionas beartais rochtana chomhchoiteanna thrédhearcacha a fhorbairt, lena n-áirítear chun críocha feabhsúcháin oiliúna agus scileanna ag taighdeoirí, agus chun scéimeanna rochtana trasteorann a bhunú, ar bhonn comaoiniúcháin, mar shampla;

---

14 An Próiseas lena ndéantar tástáil ar threalamh, ar shaoráid, nó ar ionad (a shuiteáiltear nó atá comhlánaithe nó gar do bheith comhlánaithe) le fíorú an bhfeidhmíonn sé de réir a chuspóirí nó a shonraíochtaí dearaidh.